



Coimisiún
na Meán

Bainisteoirí Gaeilge

Grád Ardoifigigh Feidhmiúcháin (Dhá Phost)
Rannóg Thírdhreach na Meán
Pacáiste Faisnéise Iarratasóra



Márta 2026

A larratasóir, a chara,

Go raibh maith agat as spéis a léiriú i ról an Bhainisteora Gaeilge (AOF). Tá beirt Bhainisteoirí Gaeilge á n-earcú ag Coimisiún na Meán faoi láthair.

Agus tú ag obair i gCoimisiún na Meán, cabhróidh tú le tírdhreach meán rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa a chruthú, a oibríonn do dhaoine in Éirinn agus ar fud an AE.

Cabhróidh tú linn tírdhreach na meán a rialáil, tacaíocht a thabhairt do na meáin agus iad a fhorbairt. Cabhróidh tú le cearta bunúsacha gach duine a chosaint agus a chinntiú go leanfaimid de bheith ag maireachtáil i sochaí dhaonlathach oscailte.

Tá ár n-eagraíocht ag fás go tapa. D'fhás muid ó 40 duine go 300 duine inár gcéad trí bliana. Tagann ár ndaoine ó raon leathan cúraí: earnálacha na meán agus ar líne, an tsochaí shibhialta, an tseirbhís phoiblí, an saol acadúil agus gairm an dlí. Táimid bródúil as na deiseanna a thugaimid d'fhás gairmiúil. Táimid tiomanta d'fhórsa saothair a bheith againn a léiríonn éagsúlacht na sochaí ar a bhfreastalaímid.

Tá lúcháir orainn a bheith ag earcú do Bhainisteoirí Gaeilge. Cuirfidh na ról seo le seachadadh na straitéise a ghlacamar in 2025. Leanfaidh siad ar aghaidh ag cur lenár spriocanna chun a chinntiú go mbeidh tírdhreach na meán cumarsáide in ann:

- seasamh le cearta, folláine agus forbairt leanaí
- tacú leis an daonlathas agus le luachanna daonlathacha
- bheith mar cheann a bhfuil muinín ag tomhaltóirí as ionas go gcosnófar iad ó dhúshaothrú agus ó chalaois
- cultúr na hÉireann agus cé muid féin mar shochaí a léiriú agus a mhúnlú
- luachanna an cheartais, an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe a chur chun cinn
- sláinte agus sábháilteacht an phobail a neartú

Má chreideann tú go bhfuil an deis seo ag teacht le do chuid scileanna agus má thugann sé deis fás go gairmiúil, bheimis ar bís cloisteáil uait agus spreagfainn thú chun iarratas a dhéanamh.

**Is mise le meas,
Jeremy Godfrey, Cathaoirleach Feidhmiúcháin**



Clé go Deas: Rónán Ó Domhnaill, Niamh Hodnett, Jeremy Godfrey, Aoife MacEvilly,
John Evans

Ár bhFís agus ár Misean



Is í an fhís atá againn ná tírdhreach meán rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa a chinntiú.




Déanaimid tírdhreach na meán a rialáil, tacú leis na meáin agus tírdhreach meán a fhorbairt mar bhonn agus mar thaca ag cearta bunúsacha agus a chothaíonn sochaí oscailte, dhaonlathach agus iolraíoch.

Ár Réimsí Torthaí Straitéiseacha



Ár Luachanna



Eolas Faoi Ról Seo

Cuspóir an Róil

Tacóidh an Bainisteoir Gaeilge le Coimisiún na Meán a chuid dualgais agus cuspóirí reachtúla a chomhlíonadh i ndáil leis an nGaeilge, mar chomhlacht seirbhíse poiblí agus mar rialtóir meán na hÉireann.

Agus tú ag obair laistigh d'fheidhmeannas nuabhunaithe na Gaeilge agus ag tuairisciú don Cheannasaí Gaeilge, cuirfidh an ról seo le feidhmiú na n-oibleagáidí faoi Achtanna na dTeangacha Oifigiúla agus an tAcht Craolacháin 2009, lena n-áirítear cur chun cinn agus soláthar na Gaeilge laistigh d'earnáil na meán. Tacóidh an ról seo freisin le beartais agus tionscnaimh Ghaeilge a fhorbairt agus a chur i gcrích ar fud na heagraíochta, ag cinntiú cur chuige comhordaithe straitéiseach de réir mar a leanann Coimisiún na Meán ag fás agus ag leathnú a shainchúram.

Eolas faoi Rannóg Thírdhreach na Meán

Tá cúig fhoireann i Rannóg Thírdhreach na Meán, atá freagrach as craoltóirí agus soláthraithe físeáin ar éileamh a rialáil agus áirítear leis freisin tacú le hearnáil meán na hÉireann agus í a fhorbairt. Tá Feidhmeannas nua na Gaeilge suite sa rannóg seo agus tá freagracht uirthi beartais Ghaeilge a fhorbairt do Choimisiún na Meán, ag cinntiú go gcomhlíontar gach dualgas reachtúil Gaeilge agus go gcuirfear an Ghaeilge chun cinn sna meáin uile.

Príomhfhreagrachtaí

- Cur le dearadh beartais uile-eagraíochta don Ghaeilge
- Próisis eagraíochtúla, nósanna imeachta agus cláir threoracha agus oiliúna foirne agus doiciméid a fhorbairt chun cur i bhfeidhm rathúil bheartais inmheánacha agus riachtanais rialachais Choimisiún na Meán a chinntiú.
- Comhtháthú próiseas agus nósanna imeachta a fhorbairt agus monatóireacht a dhéanamh orthu chun a chinntiú go gcomhlíontar ceanglais reachtúla nua monatóireachta agus tuairiscithe Achtanna na dTeangacha Oifigiúla.
- Aistriúcháin ardchaighdeán a sheachadadh ó Bhéarla go Gaeilge ar cháipéisíocht inmheánach Choimisiún na Meán, ó am go chéile.
- Cabhrú le treoirlínte a fhorbairt d'aistritheoirí inmheánacha agus seachtracha chun a chinntiú go mbeidh Gaeilge ar ardchaighdeán ar na leaganacha aistrithe de thionscadail agus go gcloífidh siad le téarmaíocht agus stíl atá comhsheasmhach, ceart agus bailí.



Coimisiún
na Meán

Príomhfhreagrachtaí (ar lean)

- Pleananna tionscadail, tuarascálacha, dréachtchinntí a ullmhú, agus tacú le hathbhreithnithe tréimhsiúla agus gníomhaíochtaí cumarsáide.
- Teagmháil a dhéanamh le raon páirtithe leasmhara, lena n-áirítear an earnáil chraolacháin, líonraí tionscail agus Ranna Rialtais, ach gan a bheith teoranta dóibh sin
- Páirt a ghlacadh i ngrúpaí oibre trasfheidhmeacha.
- Taighde agus bailiú sonraí a dhéanamh chun treoir a thabhairt do chinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise, maidir le leordhóthanacht agus caighdeán na seirbhísí Gaeilge a chuirtear ar fáil.
- Oibriú leis an bhfoireann cumarsáide inmheánach agus go trasfheidhmeach, chun comhsheasmhacht agus cruinneas a chinntiú i rogha na téarmaíochta a úsáidtear sa Bhéarla agus sa Ghaeilge araon.
- Bainistiú a dhéanamh ar mholtaí Athbhreithniú Choimisiún na Meán ar na Meáin Ghaeilge chur i bhfeidhm.
- Ionadaíocht a dhéanamh ar Choimisiún na Meán agus labhairt ag imeachtaí agus tionscnaimh Ghaeilge.

Tugtar an méid thuas mar threoir ar raon ginearálta na ndualgas agus tá sé beartaithe nach mbeidh sé cinntitheach ná sriantach agus tá sé faoi réir athbhreithnithe.

Eolas Fút

Taithí, Scileanna, Eolas & Cáilíochtaí

Critéir Riachtanacha

- Inniúlacht ghairmiúil sa Ghaeilge ag leibhéal C1, agus an cumas cumarsáid líofa agus chruinn a dhéanamh sa Ghaeilge scríofa agus labhartha araon.
- Scileanna aistriúcháin den scoth, agus an cumas aschuir Ghaeilge atá cruinn agus ar ardchaighdeán a tháirgeadh
- Taithí ar thionscadail agus/nó réimsí oibríochtúla a bhainistiú, lena n-áirítear taithí bainistíochta foirne
- Cuntas teiste cruthaithe maidir le próisis agus nósanna imeachta a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus/nó a fheabhsú, go hidéalach laistigh de thimpeallacht a ghluaiseann go tapa.
- Scileanna bainistíochta tionscadail, lena n-áirítear eolas den scoth ar tháirgí Microsoft
- Scileanna cumarsáide scríofa den scoth, agus cumas cruthaithe chun raon doiciméad ardchaighdeán a tháirgeadh (m.sh. tuarascálacha, coimrí, treoirlínte) i mBéarla agus i nGaeilge araon, agus atá curtha in oiriúint do léitheoirí éagsúla

Critéir Inmhianaithe

- Taithí ar a bheith ag obair san earnáil phoiblí
- Taithí ar ról sna meáin, i ról rialála nó rialachais
- Taithí chruthaithe i bhforbairt beartais agus/nó i gcur i bhfeidhm beartais



Coimisiún
na Meán

Príomhfhaisnéis

Sochair, Pacáiste & Pá

- Cuirtear an post seo ar fáil ar bhonn Buan.
- Lánaimseartha, 35 uair in aghaidh na seachtaine
- Saoire Bhliantúil: 29 lá in aghaidh na bliana
- Ról hibrideach a bheidh sa ról ina mbeidh meascán d'obair sa bhaile agus san oifig. Is é ár mbeartas hibrideach reatha ná 2 lá san oifig.
- Tá ár n-oifig lonnaithe ag a hAon Foirgnimh Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4, D04 NP20.
- Féach ár suíomh gréasáin [anseo](#) le haghaidh liosta iomlán sochar
- Tá an post seo grádaithe ar [scála](#) an Ardoifigigh Feidhmiúcháin..
- Ceapfar iarratasóirí a n-éireoidh leo ar an gcéad phointe den scála.

Próiseas Iarratais

Má tá suim agat iarratas a dhéanamh ar an bpost seo, cuir na nithe seo a leanas isteach:

- CV (2 leathanach ar a mhéad) agus litir chumhdaigh/ráiteas pearsanta (1 leathanach ar a mhéad) ina leagtar amach cén fáth a gcreideann tú go gcomhlíonann do scileanna, taithí agus luachanna riachtanais an phoist trí [ANSEO](#)
- Tá ceapachán sa ról seo faoi réir incháilitheacht an iarratasóra chun oibriú in Éirinn. Ní mór d'iarratasóirí ar na poist seo a bheith ina gcónaí i bPoblacht na hÉireann nó i dTuaisceart Éireann.
- Déanfar iarratasóirí a théann i mbun canbhasála a dhícháiliú agus a eisiamh ón bpróiseas

Déan athbhreithniú le do thoil ar ár [Ráiteas Príobháideachais](#) sula ndéanann tú iarratas.

Ní bhreithneofar iarratais dhéanacha nó iarratais nach bhfuarthas tríd an gcainéal ceart, mar a léirítear thuas.

Má tá ceisteanna agat a bhaineann leis an bpróiseas iarratais nó roghnúcháin a bhaineann leis an ról seo, déan teagmháil le cnam@cpl.ie

Inniúlachtaí

Féach liosta na n-inniúlachtaí thíos a mheasúnófar ag céim an agallaimh don chomórtas seo: Chun tuilleadh eolais a fháil faoi na hinniúlachtaí, téigh chuig ár [gceisteanna coitianta](#).

Ceannaireacht Foirne

Breithiúnas, Anailís agus Cinnteoireacht

Bainistíocht agus Baint Amach Torthaí

Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide

Saineolas, Oilteacht agus Féinfhorbairt

Treallús & Tiomantas do Luachanna Seirbhíse Poiblí



Muín



Iarmhairt



Misneach



Neamhspleáchas



Dírthe ar dhaoine



Ionracas

An Próiseas Roghnúcháin

Áireofar sa phróiseas roghnúcháin:

- Iarratasóirí a ghearrliostú bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil ina n-iarratas, arna measúnú in aghaidh na gcritéar sonraithe don ról
- Tabharfar cuireadh, ar an gcéad dul síos, d'iarratasóirí atá ar an ngearrliosta measúnú scríofa Gaeilge a dhéanamh chun inniúlacht a mheas ag **Leibhéal CEFR C1**
- Bunaithe ar an ngrád riachtanach a bhaint amach ag an measúnú scríofa, d'fhéadfaí go dtabharfaí cuireadh ansin d'iarratasóirí freastal ar agallamh bunaithe ar inniúlacht, a réachtálfar ar an láthair go pearsanta.

Socruithe Réasúnta

Cuirfear socruithe réasúnta ar fáil, más gá, le linn an phróisis earcaíochta. Chun socruithe réasúnta a phlé agus a iarraidh faoi rún, téigh i dteagmháil le Angeline McKiernan ag amckiernan@cnam.ie

Is fostóir comhdheiseanna é Coimisiún na Meán. Cuirimid fáilte roimh iarratais ó iarratasóirí a bhfuil cúlraí éagsúla acu agus táimid tiomanta d'fhórsa saothair cuimsitheach agus éagsúil a chur chun cinn a léiríonn Éire chomhaimseartha ár linne. Oibrímid chun cultúr a chruthú ina bhfuil rochtain chomhionann ag gach duine ar dheiseanna agus ina mbraitheann siad compordach iad féin a chur i láthair go fírinneach ag an obair.

Dáta Deiridh d'Iarratais: 3pm, 14 Aibreán 2026

